POLASAÍ MAIDIR LE SAOIRE ÓN OBAIR

2024/2025

Gaelscoil Cholmcille

Polasaí maidir le sosanna gairme & saoire eile do mhúinteoirí

Reamhrá

Aithníonn an Bord Bainistíochta go bhféadfadh go mbeadh spéis ag baill foirne saoire a lorg ón obair. Cuirtear eolas ar fáil sa pholasaí seo do mhúinteoirí atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar shaoire ón obair. Leagtar amach sa pholasaí seo nósanna imeachta maidir leis na hiarratais sin. Tá an polasaí seo ag tógáil ar an eolas atá sa chiorclán reatha cuí (ciorclán 0054/2019). Moltar do mhúinteoirí iad féin a chur ar an eolas maidir le riachtanais, critéir agus araile sula ndéanann siad iarratas.

Prionsabail

Cuirfidh na prionsabail seo a leanas san áireamh nuair a bheidh An Bord Bainistíochta ag déanamh cinnidh faoi iarratais i gcomhthéacs an chiorcláin:

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarracht éascaíocht a dhéanamh ar iarratais.
2. Cé go n-aithnítear go bhfuil múinteoir(í) ag lorg cead imeachta pé cúis atá acu, aithnítear chomh maith go mbeidh leas agus riachtanais oideachasúla na bpáistí i gcónaí chun tosaigh. Aithnítear na dúshláin reatha maidir leis an nganntanas múinteoirí go náisiúnta freisin.
3. Mairfidh neamhláithreacht fhoriomlán deich mbliana ar a mhéad le linn ghairm an mhúinteora agus mairfidh tréimhse shos gairme cúig bliana ar a mhéad in aon tréimhse amháin. Ní hionann na tréimhsí sin agus teidlíocht ar neamhláithreacht d'aon tréimhse.

Cineálacha saoire ón obair

Sa pholasaí seo, déanfar saoire a bhriseadh suas i dtrí ghrúpa; (i) Post iasachta, Postroinnt agus Briseadh Staidéir, (ii) Sos Gairme & (iii) Dul ar iasacht.

Bainfear úsáid as an eolas cuimsitheach i gciorclán 54/2019 maidir le saoire breoiteacha, saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí & saoire cúramóra.

(i) Post iasachta (scéim iasachta thar lear), Postroinnt agus Briseadh Staidéir

Déanfaidh an bord bainistíochta gach iarratas a phlé go haonarach agus déanfaidh fiúntas an iarratais a phlé i gcomhthéacs na riachtanas atá ag an scoil.

(ii) Sos Gairme

Beidh saoire ceadaithe do suas le **duine amháin** do scoilbhliain 2024/25. D'fhéadfaí go ndéanfaí eisceacht i gcás ina bhfuil cúinsí áirithe i gceist.

Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna sa ghrúpa seo, déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar shaoire don scoilbhliain reatha arb é an scoilbhliain reatha an chéad bhliain dóibh a bheith ar shos gairme ón scoil.
2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar shos gairme ná ar iasacht roimhe seo.
3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta, an duine is sinsearaí ar dtús.

(iii) Dul ar Iasacht

Beidh iasacht ceadaithe do suas le **duine amháin** do scoilbhliain 2024/25. Má bhíonn níos mó iarratas ná áiteanna sa ghrúpa seo, déanfar na háiteanna a dháileadh de réir an oird seo a leanas:

1. Múinteoirí atá ar iasacht don scoilbhliain reatha arb é an scoilbhliain reatha an chéad bhliain dóibh a bheith ar iasacht ón scoil.
2. Múinteoirí nach ndeachaigh ar iasacht roimhe seo.
3. Tús áite de réir an liosta sinsearachta, an duine is sinsearaí ar dtús.

Iarratais, freagraí agus dátaí

Ní mór do mhúinteoirí a bhfuil spéis acu iarratas a dhéanamh ar shaoire ón obair an t-iarratas sin a dhéanamh tríd an Aguisín cuí i gCiorclán 54/2019 a chomhlánú agus sheoladh isteach faoin **1 Feabhra**.

Déanfaidh an Bord freagra i scríbhinn a thabhairt d'iarratasóirí faoin **1 Márta**. Má dhiúltaítear le hiarratas, cuirfear na cúiseanna don dhiúltiú sin in iúl don iarratasóir.

Tá go dtí **14 Aibreán** ag iarratasóir tarraingt siar as an tairiscint a bhí ceadaithe dóibh.

Tá dualgas ar mhúinteoirí atá ar shaoire sonraí teagmhála chun dáta a roinnt leis an scoil ionas go mbeidh an scoil in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo.

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú den bhord bainistíochta 22/11/2023

Cathaoirleach: *Cormac Mc Cashin* Príomhoide: *Neasa Ní Aoláin*